

An Próiseas Iarratais um Chúnamh le Cistiú Comhfhreagrach do Thionscadail faoi EU PROGRESS 2007 – 2013

An cistiú atá ar fáil sa bhliain 2012:

€75,000

Arna riar ag:

An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

1. Cad é EU PROGRESS?

Clár an AE um fhostaíocht agus um dhlúthpháirtíocht shóisialta is ea PROGRESS. Bunaíodh é chun tacú ó thaobh airgeadais de le cuspóirí an Aontais Eorpaigh maidir le fostaíocht, gnóthaí sóisialta agus comhdheiseanna. Dírionn sé ar bhallstáit, ar údarais áitiúla agus réigiúnacha, ar sheirbhísí áitiúla fostaíochta agus ar oifigí náisiúnta staidrimh. Féadfaidh comhlachtaí speisialaithe, ollscoileanna agus institiúidí taighde, na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a bheith páirteach ann, leis. Roghnaíonn Coimisiún an AE na tionscadail a mhaoineofar trí ghlaonna ar thairiscintí nó ar thograí. Soláthraíonn sé 80% den chomh-mhaoiniú ar a mhéad ach tá roinnt eisceachtaí ann.

2. Céard é Cistiú Comhfhreagrach?

Faoi mar a dúradh thuas, grúpaí/eagraíochtaí a cháilíonn le haghaidh comh-mhaoiniú tionscadail faoi PROGRESS, 80% den mhaoiniú a fhaigheann siad, ar a mhéad. Ní mór dóibh an fuilleach a sholáthar (suas le 20%) óna n-acmhainní féin nó ó chistiú a fhaightear ó fhoinsí eile ar nós comhpháirtithe nó eagraíochtaí náisiúnta. Cistiú comhfhreagrach a thugtar air sin.

Tá an cistiú atá ar fáil ón Rannóg um Chuimsiú Sóisialta sa bhliain 2012 ceaptha le cuidiú le grúpaí/eagraíochtaí atá i dteideal cistiú a fháil le haghaidh tionscadail faoi shnáithe an chuimsithe shóisialta de EU PROGRESS 2007-2013, lena gcuid riachtanais maidir le cistiú comhfhreagrach a shásamh.

3. Cé atá cáilithe le cur isteach air?

- (i) Grúpaí/eagraíochtaí/páirtíochtaí atá bunaithe in Éirinn agus a cháilíonn le haghaidh cistiú tionscadail faoi shnáithe an chuimsithe shóisialta de EU PROGRESS 2007-2013 *agus*
- (ii) a gcuirfean an tionscadal i gcrích (go hiomlán nó go páirteach) sa bhliain 2012 *agus*
- (iii) a dteastaíonn cúnamh uathu chun an riachtanas maidir le cistiú comhfhreagrach de suas le 20% de chostas iomlán an tionscadail a shásamh.

4. An mó cistithe atá ar fáil?

Beidh €75,000 san iomlán ar fáil sa bhliain 2012. Is féidir iarratais a dhéanamh ar suas le 100% den *chistiú comhfhreagrach* atá riachtanach. D'fhéadfaí an céatadán sin a athbhreithniú ag brath ar líon na n-iarratas a gheofar. Ba cheart d'iarratasóirí a nótáil go bhféadfaí méid is lú ná sin a bhronnadh ar iarratasóirí a n-éiríonn leo.

Cuirfear an cistiú ar fáil in dhá chéim:

- 90% ag céim an bhronnta
- 10% ag deireadh bliana faoi réir tuarascáil tionscadail agus miondealú ar chaiteachas a bheith faighte faoin 30 Samhain 2012 (féach alt 7 thíos chun sonraí breise a fháil).

5. Conas a dhéantar iarratas?

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith i ngach iarratas:

- I. Sonraí an tionscadail – lena n-áirítear cur síos ar an tionscadal, na torthaí a bhfuil súil leo agus na tréimhsí ama
- II. Sonraí de chistiú AE agus den chistiú comhfhreagrach is gá
- III. Miondealú ar na costais réamh-mheasta a dteastaíonn an cistiú comhfhreagrach chun iad a ghlanadh
- IV. Más lú ná 100% den chistiú comhfhreagrach riachtanach an méid atá á iarraidh, iarrtar ort sonraí a sholáthar maidir leis an áit óna bhfuarthas an chuid eile den chistiú comhfhreagrach.
- V. Sonraí d'aon chomhpháirtithe tionscadail a bhfuil sé i gceist acu iarratas a dhéanamh chuig an Roinn seo ar chistiú comhfhreagrach don tionscadal sonraithe.
- VI. Sonraí bhaill na príomhghoirne tionscadail sa ghrúpa/san eagraíocht is iarrthóra, go sonrach ainm an cheannaire foirne agus an rialaitheora airgeadais.
- VII. Sonraí teagmhála an ghrúpa/na heagraíochta: ba cheart teagmhálaí, uimhir ghutháin, seoladh agus seoladh ríomhphoist a bheith ar áireamh. Toisc gur le ríomhphost (ach amháin má aontaítear a mhalairt) is mó a dhéanfar teagmháil leis an Roinn seo, cinntigh go mbeidh aon seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil dúinn gníomhach agus faoi mhonatóireacht ar feadh na bliana 2012 agus go dtí go mbeidh an tionscadal seo tugtha chun críche.
Féach Nóta 1 chun faisnéis a fháil maidir le leagan amach na n-iarratas ar chúnamh le cistiú comhfhreagrach do thionscadail arna gcistiú faoi shnáithe an chuimsithe shóisialta de EU PROGRESS 2007-2013.

6. Conas a leithdháilfear an cistiú?

Céim 1: Measúnófar iarratais bunaithe ar cibé an gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta. Iarratais nach gcomhlíonann na critéir sin, measfar iad a bheith neamhcháilithe lena measúnú.

Céim 2: Leithdháilfear an cistiú ar bhonn pro-rata bunaithe ar líon na n-iarratas a fhaightear. D'fhéadfaí tús áite a thabhairt d'iarratais ó

na heagraíochtaí sin nach bhfuair an cineál cúnamh seo i mblianta roimhe seo ón Rannóg um Chuimsiú Sóisialta.

Céim 3: Cuirfear toradh gach iarratais in iúl don iarratasóir i scríbhinn.

7. Riachtanais na n-iarratasóirí

- (i) Iarrfar ar iarratasóirí a n-éiríonn leo gealltanais a shíniú go gcuirfear tuarascáil taighde mionsonraithe agus miondealú ar chaiteachas ar fáil faoin 30 Samhain 2012 (féach Nóta 2 thíos). Muna gcuirtear an fhaisnéis seo ar fáil faoin spriocdháta, d'fhéadfaí an íocaíocht dheiridh a choimeád siar.

Ba cheart d'iarratasóirí a nótáil go gcoimeádann an Roinn aici féin an ceart tuarascáil tionscadail agus caiteachais eatramhach a lorg i gcaitheamh na bliana.

- (ii) Ní mór cistiú a chuirtear ar fáil sa bhliain 2012 a chaitheamh roimh dheireadh na bliana sin. Ní féidir é a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain 2013.

- (iii) **Coinníoll de bhronnadh an chistithe sin is ea na Nósanna Imeachta um Imréiteach Cánach a bheith comhlíonta ag iarratasóirí rathúla, faoi mar atá leagtha síos ag Imlitir na Roinne Airgeadais 44/2006. Gheofar faisnéis ar conas iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú um Imréiteach Cánach (DIC) ar: <http://www.revenue.ie/en/online/tax-clearance.html>.**

- (iv) Coinníoll den mhaoiniú sin is ea gach riachtanas tuairiscithe a bheith comhlíonta ag iarratasóirí maidir le ráitis airgeadais faighteoírí deontas faoi mar atá leagtha síos in Imlitir Uimh. 17/2010 na Roinne Airgeadais: Riachtanais maidir le Deontais agus Deontais i gCabhair, féachtar <http://www.finance.gov.ie/documents/circulars/2010/circ172010.pdf>

Nóta 1: Leagan amach an Iarratais

Ba cheart iarratas a dhéanamh i bhfoirm litreach ón ngrúpa/ón eagraíocht is iarratasóra agus ní mór gach faisnéis seo a leanas a bheith ann:

	Faisnéis Riachtanach:	
1.	Sonraí an Iarratais ar chistiú chuig Coimisiún an AE faoin snáithe um chuimsiú sóisialta de EU PROGRESS 2007-2013	Iarrtar ort cóip a sholáthar de chomhfhreagras le Coimisiún an AE i dtaobh an Iarratais Tionscadail
2.	Sonraí de chistiú AE agus den chistiú comhfhreagrach is gá	Cinntigh go gcuirtear figiúirí ar fáil i dtaobh an dá chineál cistithe
3.	Sonraí an Tionscadail Mhaoinithe – lena n-áirítear cur síos ar an tionscadal, na torthaí a bhfuil súil leo agus na tréimhsí ama	Ba cheart é a bheith gearr agus leagtha amach i bhfoirm phointí urchair
4.	Miondealú ar na costais réamh-mheasta a dteastaíonn an cistiú comhfhreagrach chun iad a ghlanadh	Ba cheart é seo a sholáthar i bhfoirm thábla agus é a bheith miondealaithe de réir cineál an chostais, mar shampla costais foirne, costais oibríochta/riaracháin agus costais an tionscadail ar leith.
5.	Más lú ná 100% den chistiú comhfhreagrach riachtanach an méid atá á iarraidh, iarrtar ort sonraí a sholáthar maidir leis an áit óna bhfuarthas an chuid eile den chistiú comhfhreagrach.	Ba cheart ainm(neacha) na foinse/na bhfoinsí a thabhairt mar aon leis an méid cistithe a sholáthróidh gach ceann díobh.
6.	Sonraí d'aon chomhpháirtithe Tionscadail a bhfuil sé i gceist acu iarratas a dhéanamh chuig an Roinn seo ar chistiú comhfhreagrach don tionscadal sonraithe.	Ba cheart ainm an ghrúpa/na heagraíochta agus an teagmhálaí lena mbaineann a thabhairt anseo.
7.	Sonraí bhaill na príomhfhoirne Tionscadail sa ghrúpa/san eagraíocht is iarrthóra, go sonrach ainm an cheannaire foirne agus an rialaitheora airgeadais.	Ba cheart ainm, uimhir ghutháin, seoladh agus seoladh ríomhphoist a thabhairt anseo.
8.	Sonraí teagmhála an ghrúpa/na heagraíochta:	Ba cheart teagmhálaí, uimhir ghutháin, seoladh agus seoladh ríomhphoist a bheith ar áireamh. Toisc gur le ríomhphost (ach amháin má aontaítear a mhalairt) is mó a dhéanfar teagmháil leis an Roinn seo, cinntigh go mbeidh

		aon seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil dúinn gníomhach agus faoi mhonatóireacht ar feadh na bliana 2012 agus go dtí go mbeidh an tionscadal seo tugtha chun críche.
--	--	--

Nóta 2: Miondealú ar Chaiteachas agus an Tuarascáil Ceann Bliana

1. Miondealú an Chistithe

Maidir leis an gcúnamh a sholáthraíonn an Roinn seo i leith maoiniú comhfhreagrach, ní mór do gach iarratasóir rathúil miondealú a sholáthar ar chaitheamh sa bhliain 2012, i bhfoirm thábla agus an fhaisnéis seo a leanas a bheith ann:

- Cóip den mhiondealú ar chaiteachas réamh-mheasta de réir cineál an chostais, faoi mar a bhí ar áireamh san iarratas bunaidh ar chistiú
- Miondealú ar an gcaiteachas iarbhír de réir chineál an chostais
- Má tá difear idir an caiteachas réamh-mheasta agus an caiteachas iarbhír i gcás aon chineáil chostais, iarrtar ort an difear sin a mhíniú.
- Má aistríodh caiteachas ó chineál amháin costais go cineál eile, iarrtar ort é sin a mhíniú.
- Muna mbíonn gach cuid den mhaoiniú a fuarthas caite faoi dheireadh na bliana 2012, ba cheart an chúis leis an ngannchaiteachas sin a mhíniú. Ceapfar socruithe ansin le gur féidir an cistiú neamhchaite a chur ar ais chuig an Roinn.

2. Tuarascáil Ceann Bliana

Coinníoll de dheonú an mhaoinithe seo is ea é tuarascáil ceann bliana a bheith curtha ar fáil ag gach iarratasóir rathúil in éineacht leis an miondealú ar chaiteachas a shonraítear thuas.

Ba cheart na sonraí seo a leanas a bheith sa tuarascáil:

- Gníomhaíochtaí a maoiníodh leis an gcúnamh ceadaithe i gcaitheamh na bliana 2012.
- Aon athrú ar na gníomhaíochtaí a sonraíodh san iarratas bunaidh ar chistiú.
- An rannchuidiú a bhí sna gníomhaíochtaí sin i leith chuspóirí iomlána an tionscadail.